AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA

Is é an Comhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) a leagann síos an creat do struchtúir pholaitiúla agus mhíleata an Aontais, agus do mhisin agus d'oibríochtaí míleata agus sibhialta AE thar lear. Déanann Straitéis Dhomhanda AE 2016 an straitéis do CBSC a leagan síos, fad agus a dhéanann Conradh Liospóin na gnéithe institiúideacha a shoiléiriú agus ról Pharlaimint na hEorpa a neartú. Rinneadh athruithe móra straitéiseacha agus oibríochtúla ar CBSC le gairid chun dul i ngleic le dúshláin slándála agus leis an éileamh mór ón bpobal ar fhreagairtí níos minice a fháil ó AE.

AN BUNÚS DLÍ

Cuid dhílis de chomhbheartas eachtrach agus slándála (CBES) an Aontais is ea an comhbheartas slándála agus cosanta (CBSC)[1]. Feidhmíonn CBSC faoin gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE). In Airteagal 41 déantar cistiú CBES agus CBSC a leagan amach, agus déantar cur síos sa bhreis ar an mbeartas in Airteagail 42 go 46, i gCaibidil 2, Roinn 2 de Theideal V ('Forálacha maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta'), agus i bPrótacail 1, 10 agus 11 agus i nDearbhuithe 13 agus 14. Déantar ról sonrach Pharlaimint na hEorpa maidir le CBES agus CBSC a shainiú in Airteagal 36 CAE.

FORÁLACHA CONARTHA I GCOMHAIR CBSC

Is iad an Chomhairle Eorpach agus Comhairle an Aontais Eorpaigh (Airteagal 42 CAE) a dhéanann na cinntí maidir le CBSC. Is le haontoilíocht a dhéantar na cinntí sin, le roinnt eisceachtaí sonracha ann a bhaineann leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC, Airteagal 45 CAE) agus leis an mbuanchomhar struchtúrtha (PESCO, Airteagal 46 CAE), a bhfuil feidhm ag vótáil tromlaigh ina leith. Is é nó í Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, a fheidhmíonn freisin mar Leas-Uachtarán den Choimisiún Eorpach (VP/HR) – Federica Mogherini faoi láthair – a eisíonn na tograí le haghaidh cinntí go hiondúil.

Tugadh isteach le Conradh Liospóin coincheap de bheartas Eorpach um chumas agus um armálacha (Airteagal 42(3) CAE), agus bunaíodh nasc idir CBSC agus beartais eile an Aontais trína cheangal go n-oibreoidh GEC agus an Coimisiún i gcomhar le chéile nuair is gá (Airteagal 45(2) CAE). Baineann sé seo go háirithe le beartais taighde,

[1]Féach Teideal V ('Forálacha Ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais agus forálacha sonracha maidir leis an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála (CBES)') den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE); féach freisin 5.1.1 maidir le beartas eachtrach AE.

thionsclaíocha agus spáis an Aontais, ar dá mbarr a tugadh cumhacht don Pharlaimint chun ról i bhfad níos láidre a fhorbairt i ndáil le CBSC ná mar a bhí aici go dtí sin.

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Tá sé de cheart ag an bParlaimint grinnscrúdú a dhéanamh ar CBSC, agus VP/HR agus an Chomhairle (Airteagal 36 CAE) a chur ar an eolas ina thaobh as a stuaim féin. Tá údarás aici freisin grinnscrúdú a dhéanamh ar bhuiséad an bheartais (Airteagal 41 CAE). Faoi dhó sa bhliain, tionólann an Pharlaimint díospóireachtaí ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme CBES agus CBSC, agus déanann sí tuarascálacha a ghlacadh: ceann amháin ar CBES, arna tarraingt suas ag an gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (AFET) agus lena n-áirítear gnéithe a bhaineann le CBSC i gcás inar gá; agus ceann ar CBSC, arna tarraingt suas ag an bhFochoiste um Shlándáil agus Cosaint (SEDE).

Ó 2012, d'eagraigh Parlaimint na hEorpa agus parlaimintí náisiúnta na mBallstát dhá chomhdháil idirpharlaiminteacha in aghaidh na bliana chun ábhair a bhaineann le CBES a phlé. Déantar foráil i bPrótacal 1 a ghabhann le Conradh Liospóin do chomhar idirpharlaiminteach sna réimsí sin, ina sainítear ról na bparlaimintí náisiúnta in AE.

Chuir na nuálaíochtaí i gConradh Liospóin deis ar fáil chun comhtháthú polaitiúil CBSC a fheabhsú. Is ag VP/HR atá an ról institiúideach lárnach, agus é nó í i mbun cathaoirleachta ar an gComhairle Gnóthaí Eachtracha ina 'fhoirmíocht Airí Cosanta' (comhlacht cinnteoireachta CBSC an Aontais Eorpaigh) agus ag stiúradh na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC). Tá an creat polaitiúil le haghaidh comhairliúchán agus idirphlé leis an bParlaimint ag forbairt chun go mbeidh ar chumas na Parlaiminte ról iomlán a ghlacadh i bhforbairt CBSC. Faoi Chonradh Liospóin is comhpháirtí í an Pharlaimint i múnlú chaidreamh seachtrach an Aontais agus tugann sí aghaidh ar na dúshláin a bhfuil cur síos orthu i dTuarascáil ar Chur Chun Feidhme Straitéis Slándála na hEorpa 2008: 'Sna sochaithe daonlathacha nua-aimseartha, ina bhfuil na meáin agus tuairimí an phobail ríthábhachtach i dtaca le beartais a mhúnlú, tá tiomantas an phobail riachtanach maidir lenár dtiomantais thar lear a chothú. Déanaimid póilíní, saineolaithe breithiúnacha agus saighdiúirí a imscaradh i limistéir éagobhsaí ar fud an domhain. Tá dualgas ar rialtais, ar pharlaimintí agus ar institiúidí AE a chur in iúl cé mar a chuidíonn sé sin le cursaí slándála ina dtíortha agus ina limistéir féin.'

SAINCHEISTEANNA AR DÍOL SPÉISE IAD DO PHARLAIMINT NA HEORPA

Tionólann an Pharlaimint pléití, éisteachtaí agus ceardlanna atá tiomanta do thopaicí amhail misin mhíleata agus shibhialta CBSC, géarchéimeanna idirnáisiúnta le himpleachtaí slándála agus cosanta, creataí iltaobhacha i gcomhair slándála, rialú arm agus saincheisteanna neamhleata, an comhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe, dea-chleachtais ar mhaithe le héifeachtúlacht slándála agus cosanta a fheabhsú, agus forbairtí institiúideacha agus dlí AE sna réimsí sin.

Tar éis dhearbhú VP/HR 2010 maidir le cuntasacht pholaitiúil, bíonn an Pharlaimint rannpháirteach i gComhchruinnithe Comhairliúcháin (JCManna) ar bhonn rialta chun

faisnéis a mhalartú leis an gComhairle, leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) agus leis an gCoimisiún. I bhfianaise ról lárnach Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT) i gcinntiú shlándáil na hEorpa, bíonn an Pharlaimint rannpháirteach i dTionól Parlaiminteach ECAT d'fhonn caidreamh AE-ECAT a fhorbairt agus nádúr neamhspleách an dá eagraíocht á urramú aici.

AN COMHBHEARTAS SLÁNDÁLA AGUS COSANTA (CBSC): BEARTAS ATÁ AG FORBAIRT GO MEAR

Cé nár tháinig athrú suntasach ar CBSC sna chéad bhlianta i ndiaidh do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm in 2009, bhí acmhainn mhór forbartha aige ó thaobh na polaitíochta agus na hinstitiúide de araon.

I mí an Mheithimh 2016, rinne an VP/HR 'Straitéis Dhomhanda AE maidir le Beartas Eachtrach agus Slándála' (EUGS), don bhliain 2016, a chur faoi bhráid na Comhairle Eorpaí. Déanann EUGS cúig thosaíocht le haghaidh bheartas eachtrach AE a aithint: slándáil an Aontais; athléimneacht stáit agus shochaíoch taobh thoir agus ó dheas de AE; cur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí; orduithe réigiúnacha comhair; agus rialachas domhanda don 21ú haois. Déantar athbhreithniú ar chur chun feidhme EUGS ar bhonn bliantúil i gcomhairliúchán leis an gComhairle, leis an gCoimisiún agus leis an bParlaimint.

Sa Bhratasláiv an 16 Meán Fómhair 2016, d'athdhearbhaigh na Ballstáit a rún maidir le comhar AE i dtaca le slándáil sheachtrach agus cosaint a neartú. As sin lean pacáiste de thrí thionscnamh dá ngairtear 'Pacáiste an gheimhridh um chosaint'.

I dtús báire, i mí na Samhna 2016, chuir an VP/HR ''Plean Cur Chun Feidhme maidir le Slándáil agus Cosaint' faoi bhráid na Comhairle, arbh é a bhí beartaithe leis an fhís arna leagan amach in EUGS a chur chun gnímh. Leagtar amach 13 mholadh sa phlean, lena n-áirítear: athbhreithniú a comhordaithe bliantúil dhéanamh ar chosaint (CARD) le béim ar chaiteachas (cuireadh iarracht trialach chun críche in 2018, agus seolfar an chéad timthriall iomlán i bhfómhar 2019); feabhas a chur ar mhearfhreagairt an Aontais trí úsáid a bhaint, *inter alia* , as Cathghrúpaí AE; agus socrú le haghaidh Buanchomhar Struchtúrtha (PESCO) aonair nua do na Ballstáit atá toilteanach glacadh le tiomantais bhreise i ndáil le slándáil agus cosaint.

An 30 Samhain 2016, rinne an VP/HR Plean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint (EDAP) a chur faoi bhráid na mBallstát ina raibh moltaí tábhachtacha maidir le Ciste Eorpach Cosanta (EDF) inar díríodh ar thaighde cosanta agus ar fhorbairt cumais. I mí na Nollag 2016, ghlac an Chomhairle conclúidí lenar formhuiníodh plean chun na cinntí maidir le comhar EU-ECAT a glacadh i Vársá a fhorfheidhmiú (42 mholadh). I dteannta a chéile léirigh na trí phlean sin, – dá ngairtear 'pacáiste geimhridh um chosaint' freisin – céim mhór i dtreo réimsí slándála agus cosanta Chonradh Liospóin a chur chun feidhme. Léirigh siad cumas AE beart a dhéanamh go tapa agus go comhsheasmhach ar iarrataí na mBallstát, a bhfuil toil láidir pholaitiúil léirithe acu chun bogadh ar aghaidh.

Tá a toil chun gníomhú agus chun tionscnaimh pholaitiúla a shaothrú sa réimse seo léirithe go leanúnach ag an bParlaimint. Bheartaigh sí go ndéanfadh GEC treoirthionscadal maidir le taighde CBSC ar riachtanais mhíleata a chur i gcrích. A luaithe a tháinig deireadh leis an treoirthionscadal, lean an Réamhbheart maidir le

Taighde Cosanta é, le hinfheistíocht de EUR 90 milliún don tréimhse 2017-2019. Léiríonn na tograí is déanaí ón gCoimisiún maidir le tionscnamh tacaíochta teicneolaíochta agus taighde a chistiú do chúrsaí cosanta don tréimhse tar éis 2020 go raibh ról suntasach ag tionscnamh na Parlaiminte sa phróiseas tábhachtach seo.

2017 - 2019: FORBAIRTÍ RÍTHÁBHACHTACHA I GCOMHAIR CBSC

Rinne an Chomhairle Eorpach athbhreithniú ar a dul chun cinn i mí an Mhárta 2017 agus leag sí béim ar bhunú an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta (MPCC), struchtúr nua arna cheapadh chun acmhainneacht AE a fheabhsú chun freagairt do mhisin mhíleata neamhfheidhmiúcháin a phleanáil agus a chur chun feidhme ar bhealach níos tapúla, níos éifeachtaí agus níos eagraithe. I láthair na huaire, tá trí mhisean á maoirsiú ag MPCC (i Mailí, sa tSomáil agus i bPoblacht na hAfraice Láir), agus ba cheart dó a bheith réidh chun oibríocht mhíleata fheidhmeach a bhainistiú faoi 2020. Thug an Chomhairle dá haire freisin an dul chun cinn atá déanta i réimsí eile, amhail an tSaoráid Síochána Eorpach (SSE) a bhunú, lena ndírítear ar éifeachtacht mhisin AE a mhéadú, ar thacaíocht a thabhairt dá chomhpháirtithe, agus ar rannchuidiú le hoibríochtaí síochána.

An 6 Márta 2018, ghlac an Chomhairle treochlár maidir le PESCO a chur chun feidhme, arb é is aidhm dó stiúradh agus treoir a chur ar fáil i dtaca le hobair bhreise ar phróisis agus rialachas araon a struchtúrú. Faoi láthair, tá forbairt á déanamh ar 34 thionscadal, agus 25 Bhallstát rannpháirteach iontu. Ina Rún ó 2018 maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar chur chun feidhme CBSC[2], leag an Pharlaimint béim ar a tuairim dhaingean go gcuideofaí leis na Ballstáit a gcomhar cosanta a dhaingniú agus a mbuiséid chosanta a chaitheamh níos éifeachtaí trí PESCO, CARD agus GEC. D'iarr an Pharlaimint go gcuirfí acmhainní airgeadais leormhaithe ar fáil i gcomhair gníomhaíocht sheachtrach AE faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do 2021-2027 agus d'iarr sí freisin ar AE a acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha. Leagadh béim sa rún freisin ar an ngá atá leis go mbeidh baint leordhóthanach ag an bParlaimint le grinnscrúdú agus le stiúradh straitéiseach na n-ionstraimí.

I mí Lúnasa 2018, bhunaigh an Coimisiún an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP) lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais I mí na Nollag 2018, d'aithin ceannairí AE an dul chun cinn a rinneadh i réimse na slándála agus cosanta, amhail leathnú Comhshocrú CBSC Sibhialtach (CCS). I mí na Bealtaine 2019, thíolaic an Coimisiún agus SEGS plean gníomhaíochta comhpháirteach chun cur chun feidhme CCS a éascú. I mí an Mheithimh 2009, ghlac an Chomhairle conclúidí tar éis idirphlé ar staid EUGS. Mar chuid de na conclúidí sin, mhol an Chomhairle go gcuirfí an Ciste Eorpach Cosanta chun feidhme ina iomláine, rud a neartóidh tionscal agus teicneolaíocht na cosanta AE. Sa tríú tuarascáil ar an Straitéis Dhomhanda, a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2019, iarrtar go ndéanfar tuilleadh oibre ar an mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí. Leagtar béim inti freisin ar an dul chun cinn atá déanta ag an Aontas maidir le bacainní ar shoghluaisteacht mhíleata a shárú.

[2]Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2018)0513.

Tá an caidreamh idir an tAontas agus ECAT i réimse na slándála agus na cosanta láidir i gcónaí. I ndiaidh dhearbhú comhpháirteach 2016 idir an tAontas agus ECAT maidir lena gcomhpháirtíocht straitéiseach, shínigh an dá eagraíocht dearbhú breise i mí Iúil 2018, inar aontaigh siad raon feidhme a n-iarrachtaí comhair a leathnú. I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an VP/HR agus Ardrúnaí ECAT tuarascáil maidir le cur chun feidhme 74 thogra chomhchoiteanna agus an méid atá bainte amach acu faoi seach. Le linn óráide i mí Dheireadh Fómhair 2019, dúirt iar-VP/HR Federica Mogherini 'gur dhá thaobh den bhonn céanna iad neamhspleáchas straitéiseach agus comhar lenár gcomhpháirtithe – ag tosú le ECAT – agus ar an gcaoi sin mínítear an chaoi a bhfuil comhpháirtíocht an Aontais le ECAT bunriachtanach d'fheidhmiú a chur chuige 'neamhspleáchais chomhoibríoch'[3].

Tá an tAontas agus ECAT ag obair go dian chun bagairtí hibrideacha agus cibearbhagairtí a chomhrac. I dteannta a chéile, bhunaigh siad an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, atá lonnaithe i Heilsincí. Ina theannta sin, thug AE isteach córais smachtbhannaí ceimiceacha agus cibearsmachtbhannaí agus Cill Chomhtháthaithe, chun anailís straitéiseach a sholáthar. A bhuí le Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha an Choimisiúin, meastar go ndéanfar EUR 1.8 billiún a infheistiú sa chibearshlándáil in 2020.

Leanann an Pharlaimint de ghníomhú de réir a hinniúlachtaí chun cuspóirí AE mar sholáthraí slándála a bhaint amach ar bhealach éifeachtach agus infheicthe, faoi mar atá iarrtha ag saoránaigh AE. Idir mí Feabhra agus mí na Márta 2019, d'athdhearbhaigh an Pharlaimint a tacaíocht do PESCO, CARD, CEF agus SES. I mí Aibreán 2019, ghlac sí comhaontú páirteach maidir le Rialachán CEF do 2021-2027, lena bhfágtar faoi na Ballstáit cinneadh a dhéanamh maidir le saincheist íogair rannpháirtíochta tríú tíortha.

Jérôme Legrand
11/2019

[3]Leis an léiriú sin, déanann Mogherini tagairt do chumas an Aontais comhoibriú le ECAT, mar aon le comhpháirtithe eile, gan cur isteach ar a neamhspleáchas straitéiseach féin maidir le cúrsaí cosanta agus slándála.